



An Bhruiséal, 10 Márta 2026  
(OR. en)

6595/26

LIMITE

CORLX 188  
CFSP/PESC 266  
RELEX 251  
CONOP 5

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE chun tacú le hacmhainneachtaí na hAfraice a fhorbairt i dtreo Afraic atá saor ó mhianaigh

**CINNEADH (CBES) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**chun tacú le hacmhainneachtaí na hAfraice a fhorbairt i dtreo Afraic atá saor ó mhianaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart don Aontas oibriú ionsar ardleibhéal comhair i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.
- (2) Tháinig an Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú ('an Coinbhinsiún') i bhfeidhm an 1 Márta 1999, agus is é an creat lárnach idirnáisiúnta é chun deireadh a chur leis an bhfulaingt agus leis na tairmigh arb iad mianaigh fhrithphearsanra is cúis leo.
- (3) An 15 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Eorpach an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus le tacaíocht an Aontais do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin, rannchuideofaí leis an tslándáil níos fearr don duine a bheartaítear sa Straitéis sin.

- (4) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle conclúidí dar teideal ‘Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile’ chun tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, arna ghlacadh ag na Náisiúin Aontaithe, agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis. Ina theannta sin, thacaigh an tAontas go comhsheasmhach le huiliú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin trí shraith Cinntí ón gComhairle, lena n-áirítear Cinntí (CBES) 2017/1428<sup>1</sup>, (CBES) 2020/905<sup>2</sup>, (CBES) 2021/257<sup>3</sup> agus (CBES) 2025/781<sup>4</sup>.

- 
- <sup>1</sup> Cinneadh (CBES) 2017/1428 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2017 chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mapútó le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (IO L 204, 5.8.2017, lch. 101, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1428/oj>).
- <sup>2</sup> Cinneadh (CBES) 2020/905 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1428 chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Maputo le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (IO L 207, 30.6.2020, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2020/905/oj>).
- <sup>3</sup> Cinneadh (CBES) 2021/257 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (IO L 58, 19.2.2021, lch. 41, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/257/oj>).
- <sup>4</sup> Cinneadh (CBES) 2017/781 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (IO L, 2025/781, 15.4.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/781/oj>).

- (5) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an chúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún.
- (6) Ag an gCúigiú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún, a tionóladh in Siem Reap-Angkor, an Chambóid, in 2024, ghlac na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor 2025-2029, lena soláthraítear treochlár chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus a uiliú, rud a chuireann leis an méid a baineadh amach leis na Pleananna Gníomhaíochta roimhe sin.
- (7) An 14 Aibreán 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/781 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor 2025 go 2029,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

1. Tacóidh an tAontas leis na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú ('an Coinbhinsiún') san Afraic chun acmhainneachtaí náisiúnta imréitigh mianach a neartú agus chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5 den Choinbhinsiún a chomhlíonadh agus cuspóirí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Cuirfidh an tAontas an tacaíocht sin chun feidhme trí ghníomhaíocht oibríochtúil.
2. Is é cuspóir gníomhaíocht oibríochtúil an Aontais dá dtagraítear i mír 1 rannchuidiú le slándáil an duine trí thacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiún, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor 2025 go 2029 agus Straitéis Slándála na hEorpa.
3. Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht oibríochtúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

### *Airteagal 2*

Chun cuspóir ghníomhaíochta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a bhaint amach, tacóidh an tAontas leis na cuspóirí sonracha seo a leanas:

- (a) iarrachtaí na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a neartú san Afraic a gcuid oibleagáidí maidir le dímhianú faoi Airteagal 5 den Choinbhinsiún trí fhothú acmhainneachta a chomhlíonadh;
- (b) malartú eolais agus saineolas a chur chun cinn a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 5 den Choinbhinsiún;

- (c) tiomantas an Aontais agus a Bhallstát do chuspóirí an Choinbhinsiúin a léiriú agus infheictheacht iomchuí an ghealltanais sin a áirithiú.

*Airteagal 3*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.
2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 2 de chúram ar Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) i gcomhpháirtíocht leis an nGrúpa Comhairleach Mianach.
3. Cuirfidh UNIDIR na tionscadail a bhaineann leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2 faoi fhreagracht an Ardionadaí chun feidhme. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNIDIR.

#### *Airteagal 4*

1. Is é EUR 3 000 000,36 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.
2. Bainistíofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar síos i mír 1 i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcóir le UNIDIR. Leis an gcomhaontú sin, leagfar síos go n-áiritheoidh UNIDIR aithint agus infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh oiriúnach dá méid.
4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcóir a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcóir.
5. Déanfaidh UNIDIR an ghníomhaíocht oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 2 a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le rialachas airgeadais agus trédhearcacht a neartú laistigh den Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme, a glacadh ag an 14ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún in 2015. Soláthróidh UNIDIR, i measc nithe eile, tuarascálacha tuairisciúla agus ráithiúla eile, mar aon le creat loighciúil agus mairís ghníomhaíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 5*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag UNIDIR. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn le measúnú a dhéanfaidh an Chomhairle.
2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis don Chomhairle maidir leis na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an Chinnidh seo.

*Airteagal 6*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 4(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura mbeidh aon chomhaontú tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---